

# Buntáiste Breise na Gaeilge!

Baile Átha Cliath

Seimineár Eolais do  
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Déardaoin  
04 Samhain 2010



## CLÁR

09.20 Fáiltiú agus clárú na Scoileanna

10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí

11:05 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile

11:45-11:50 Bileoga Aiseolais

11:50 Duaiseanna á mbronnadh

12:00 Cuairt ar na Seastáin

12:30 Críoch



Urraithe ag



Foras na Gaeilge

---

### Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Diplóma sa Ghaeilge, agus Diplóma i Staidéar an Aistriúcháin. Oibríonn Kevin mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.



### Evanne Ní Chuilinn

Is iriseoir spóirt le RTÉ í Evanne Ní Chuilinn. Tógadh i gCill Chainnigh í, agus d'fhreastail sí ar Ghaelscoil Osraí agus Clochar na Toirbhirte sa chathair. Sa mheánscoil, bhuaigh Evanne babhta ceannais na hÉireann i ndíospóireachtaí Gael Linn. Bhain sí Céim Cumarsáide amach ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ansin thug sí faoin Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Thosaigh Evanne ag obair sna meáin chumarsáide in 2004. Bhí sí ag obair mar chúntóir léirithe do chlár peile darbh ainm, Underdogs, do TG4. Ag an am céanna, fuair sí post leis an Roinn Spóirt in RTÉ, mar thaighdeoir agus mar fho-eagarthóir ar 'The Sunday Game'. Ó shin i leith, tá sí ag obair mar láithreoir agus mar thuairisceoir ar chlár spóirt agus nuacht-spóirt RTÉ. Cuireann sí alt CLG ar fáil don nuachtán Foinse gach seachtain.



### Eoghan Mac Diarmada

I as Baile Átha Cliath d'Eoghan Mac Diarmada. Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa pholaitíocht i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin bhog sé go Nua Eabhrac chun traenáil a dhéanamh mar rinceoir proifisiúnta. D'fhreastail sé ar an scoil cháiliúil 'Broadway Dance Centre' agus damhsaigh sé leis na réalta Rihanna, Chris Brown agus na PussyCat Dolls.

Thosaigh sé ag obair le TG4 ar Cúla4, agus tá sé anois mar láithreoir ar Pop4. Go dtí seo tá agallaimh curtha aige ar réalta móra ar nós - Akon, David Guetta, Ben Affleck, Paris Hilton, The Script, Pixie Lott, Jennifer Lopez, Cheryl Cole agus Russell Brand ina measc. Rinne sé sraith cheoil teilifíse le BBC2 darb ainm Imeall Geal agus bíonn sé ag aisteoireacht sa chlár 'Seacht' ar TG4. Bíonn Eoghan le cloisteáil ar Spin1038 i mBaile Átha Cliath gach seachtain.



### Anna Davitt

Tógadh Anna le Gaeilge i Ragnallach. Fuair sí a cuid bunoidreachais i Scoil Bhríde agus i Scoil Naithí. D'fhreastail sí ar Choláiste Íosagáin. Is céimí den Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath í, áit ar bhain sí céim amach sa Nua-Ghaeilge agus i Stair na hEalaíne agus MA sa Nua-Ghaeilge.

Chaith sí sealanna ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge. Chuaigh sí i mbun oibre ansin mar Chúntóir Teanglainne i Roinn na Nua-Ghaeilge, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus mar Stiúrthóir Teanglainne ar feadh tréimhse. Tá Anna ag obair mar Stiúrthóir ar Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, an eagraíocht a chuireann seirbhísí agus acmhainní ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge na tíre.

Tá spéis ar leith ag Anna sna meáin chumarsáide agus i gcúrsaí ealaíne. Bhí sí páirteach i léiriú roinnt gearrscannán mar chomhairleoir teanga agus mar aisteoir. Tá sí ar bhord stiúrtha *Comhar*, iris litríochta na Gaeilge.

## Colm Mac Con Iomaire

Rugadh agus tógadh le Gaeilge Colm Mac Con Iomaire i mBaile Átha Cliath. Is as Conamara agus Co. Liatroma muintir Choilm. D'fhreastail sé ar bhunscoil lánghaelach Scoil Lorcáin agus ar Choláiste Eoin. Bhí sé mar dhuine de bhunaitheoirí an bhanna ceoil 'Kíla' i gColáiste Eoin.

I 1990 thóg sé bliain saor ón Ollscoil le bheith in a bhall den bhanna ceoil clúiteach 'The Frames'. Is ball fós den ghrúpa céanna é 20 bliain níos deireanaí. Bíonn sé ag seinm agus ag taisteal freisin leis an mbanna 'The Swell Season'. In 2008 thairfeadh sé ceirnín dá chuid ceoil féin dar teideal 'Cúinne an Ghiorria - The Hare's Corner'.

Tá banna dá chuid féin aige freisin a d'eascair as an gceirnín sin. Caitheann Colm cuid mhaith den bhliain ar an mbóthar ag seinm ceoil ar fud na cruinne, agus chomh maith leis sin cumann sé ceol do scannáin éagsúla.

## Doireann Ní Chorragáin

Is as Baile Átha Cliath do Dhoireann. D'fhreastail sí ar Choláiste Chilllain. Tar éis na meánscoile d'fhreastail sí ar Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath (DIT) áit a ndearna sí staidéar ar dhrámaíocht. Ghlac Doireann páirt sa sobalchlár Gaeilge Ros na Rún ar TG4 ar feadh dhá bhliana.

Thart faoin am seo thosaigh sí ag déanamh athghuthú agus ag traenáil mar phuipéadóir trí mheán na Gaeilge. Ó shin i leith tá an-chuid oibre déanta ag Doireann ag athghuthú ar chlár ar nós Scooby Doo, Ben Ten, agus Avatar, agus mar phuipéadóir do TG4, BBC agus Setanta Sports. Chaith sí blianta fada sa sobaldráma Fair City ar RTÉ. Thosaigh sí ag obair mar scríbhneoir le bliain anuas agus is trí mheán na Gaeilge a chur Doireann tús leis, le dráma 30 nóiméad a scríobh sí do TG4 a chraolfar in 2011 agus ceann eile á scríobh aici faoi láthair chomh maith le hobair scríbhneoireachta i mBéarla do RTÉ.





## Micheál Ó Meachair

Is as Baile an tSaoir, i mBaile Átha Cliath do Mhicheál. D'fhreastail sé ar an mbunscoil áitiúil, Scoil Naithí, agus ar Choláiste Eoin i mBaile an Bhóthair. Tá bunchéim sa Nua-Ghaeilge le Stair na hEalaíne, agus céim mháistreachta 'Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge' aige ó Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Is léachtóir teanga in DCU Micheál agus seal caite aige ag múineadh i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste Eoin chomh maith. Ba scríbhneoir leis an iris NÓS\* é Micheál.

Is í an Ghaeilge leictreonach ábhar taighde Mhichíl, agus oibríonn sé le foireann idirnáisiúnta daoine ar fud na cruinne ag cur ríomhchlár, cluichí ríomhaireachta agus láithreáin ghréasáin in oiriúint do Ghaeilgeoirí.



# AN fáinne

*Léirigh do nasc leis an nGaeilge*

*aontacht  
leanúnachas  
comhlántacht  
sioraíocht*

*Ceannaigh An Fáinne ar  
[www.fainne.ie](http://www.fainne.ie)*



Comhdháil  
Náisiúnta  
na Gaeilge



Faint version of the text: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

